# Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán, Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr

# Freagraí ar cheisteanna Pháipéar Samplach 2

**Ceist 1 (40 marc)**

*Aistrigh na habairtí seo go Gaeilge.*

1. Three hundred members of the party attended its first annual conference at the beginning of October that year.
   D'fhreastail trí chéad ball den pháirtí ar a chéad chomhdháil bhliantúil ag tús mhí Dheireadh Fómhair an bhliain sin.

2. The positions will be advertised on the company's website in three weeks' time and those with the appropriate skills will be invited to apply for them.
   Fógrófar na poist ar shuíomh gréasáin an chomhlachta/na cuideachta i gceann trí seachtaine agus tabharfar cuireadh dóibh siúd a bhfuil na scileanna cuí acu cur isteach orthu.

3. When I was very young, I used to go to Scotland every year with my family, just before Easter.
   Nuair a bhí mé óg, théinn go hAlbain gach bliain le mo theaghlach, díreach roimh an gCáisc/Cháisc.

4. We're grateful to you for helping us prepare for our exams; if it wasn't for you, we would have failed every single one of them.
   Táimid buíoch díot as (ucht) cabhrú linn ullmhú dár scrúduithe; murach tú, theipfeadh orainn i ngach uile cheann acu.

5. The report states that the development has had a detrimental impact on the environment.
   Deirtear sa tuarascáil go bhfuil an fhorbairt tar éis tionchar díobhálach a bheith aige ar an gcomhshaol.

6. The above picture shows the place where the incident took place last month.
   Tá an áit ar tharla an eachtra an mhí seo caite le feiceáil sna pictiúir thuas.

7. The important documents were left in four large bags but they were lost during the office refurbishment (*athchóiriú*) last spring.
   Fágadh na cáipéisí tábhachtacha/na doiciméid thábhachtacha i gceithre mhála mhóra ach cailleadh iad le linn don oifig a bheith á hathchóiriú an t-earrach seo caite.

8. He has been living in Paris now for nearly ten years but I'm told he intends moving to the north of England at the end of February.
   Tá cónaí air/Tá sé ina chónaí i bPáras le beagnach deich mbliana anois ach deirtear liom

go bhfuil sé beartaithe aige/i gceist aige/ar intinn aige bogadh go tuaisceart Shasana ag deireadh mhí Feabhra.

9. That woman with blue eyes and long black hair was standing behind the counter and she greeted me when I entered the shop.
   Bhí an bhean a bhfuil súile gorma aici agus a bhfuil gruaig fhada dhubh uirthi ina seasamh taobh thiar den chuntar agus bheannaigh sí dom nuair a chuaigh mé isteach sa siopa.

10. People like Úna and Peadar are more suitable for the job than he is and they're easier to deal with.
    Tá leithéidí Úna agus Pheadair níos oiriúnaí don phost ná mar atá seisean agus tá sé níos fusa/éasca a bheith ag plé leo.

**Ceist 2 (20 marc)**

*Athraigh na focail idir lúibíní, más gá.*

1. Déanfar an (céad) (sraith) a chraoladh ar stáisiúin éagsúla idir seo agus deireadh (mí) (Meán) (Fómhar).
   an chéad sraith
   deireadh mhí Mheán Fómhair

2. Tá an líon (bialann) sa chathair tar éis méadú go mór le (cúig) (bliain) (déag) anuas.
   bialann
   cúig bliana déag

3. Tá cathaoirleach (coiste) (sóisialta) (an) (eagraíocht) tar éis (an) (trí) (imeacht) sin a chur ar ceal.
   cathaoirleach choiste sóisialta na heagraíochta
   na trí imeacht

4. De bhrí go bhfuil an obair chomh dian sin sa dá chuideachta, tá breis is fiche dá (oibrithe) tar éis éirí as a bpost, idir (gnáthoibrithe) agus (daoine) sinsearacha.
   dá n-oibrithe
   idir ghnáthoibrithe agus daoine sinsearacha

5. Tá sé beartaithe ag an gcoiste cúpla (dráma) a léiriú sa bhliain atá amach romhainn, cé nach fios cathain go díreach a (oscail*) an amharclann nua.
   cúpla dráma
   a osclófar

6. Bhí sí fostaithe ag Scoil (an) (Innealtóireacht) (Ceimiceach) ar feadh tamaill, ansin chaith sí roinnt (maith) (bliain) ag lorg post nua.
   Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí
   roinnt mhaith blianta

7. B'éigean don údar árasán a fháil ar (cíos) ar feadh cúpla mí go dtí go raibh na (caibidil) (deireanach) den úrscéal scríofa aige.
   ar cíos
   na caibidlí deireanacha

8. (Feic*) ansin é cúpla uair le seacht (seachtain) anuas.
   Chonacthas
   seacht seachtaine

9. Tá taispeántais (mór) á (eagrú) timpeall na cathrach don fhéile.
   taispeántais mhóra
   á n-eagrú

10. Rinne an t-urlabhraí gearán oifigiúil faoi (droch) (caighdeán) na dtithe san eastát nua le linn (cruinniú) (comhairle) (an) (chathair).
    faoi dhroch-chaighdeán
    le linn chruinniú chomhairle na cathrach

**Ceist 3 (20 marc)**

*Bain amach na lúibíní agus athraigh na focail más gá. Tá uatha agus iolra i gceist i ngach cás.*

*Sampla:* an (amhrán) (fada)
**an t-amhrán fada**
na (amhrán) (fada)
**na hamhráin fhada**

| | | |
|---|---|---|
| 1. | an (dualgas) (breise)<br>na (dualgas) (breise) | an dualgas breise<br>na dualgais bhreise |
| 2. | an (ollamh) (cúnta)<br>na (ollamh) (cúnta) | an t-ollamh cúnta<br>na hollúna cúnta |
| 3. | an (údarás) (tionsclaíocht)<br>na (údarás) (tionsclaíocht) | an t-údarás tionsclaíochta<br>na húdaráis tionsclaíochta |
| 4. | an (scéim) (deireanach)<br>na (scéim) (deireanach) | an scéim dheireanach<br>na scéimeanna deireanacha |
| 5. | an (athrú) (mór)<br>na (athrú) (mór) | an t-athrú mór<br>na hathruithe móra |
| 6. | an (bosca) (folamh)<br>na (bosca) (folamh) | an bosca folamh<br>na boscaí folmha |
| 7. | an (post) (deacair)<br>na (post) (deacair) | an post deacair<br>na poist dheacra |
| 8. | an (sráidbhaile) (álainn) (Francach)<br>na (sráidbhaile) (álainn) (Francach) | an sráidbhaile Francach<br>na sráidbhailte Francacha |
| 9. | an (clúdach) (gorm)<br>na (clúdach) (gorm) | an clúdach gorm<br>na clúdaigh ghorma |
| 10. | an (oíche) (te)<br>na (oíche) (te) | an oíche the<br>na hoícheanta teo |

**Ceist 4 (10 marc)**

**Cuid A**
*Athraigh na focail idir lúibíní más gá.*

*Sampla:* Bím ansin i gcónaí ó (Meitheamh) go (Meán Fómhair).
Bím ansin i gcónaí ó Mheitheamh go Meán Fómhair.

1. Ní fios cén fáth (a) (tarlaigh) an timpiste.
   cén fáth ar tharla

2. Bhí beirt (fear) agus triúr (bean) ansin romham.
   beirt fhear agus triúr ban

3. (Tar*) ar an airgead ar chúl an tí maidin inné.
   Thángthas

4. Bhí suas le 5,000 (duine) i mbun agóide ansin aréir.
   duine

5. Bhí orm stopadh faoi dhó idir (meán oíche) agus a haon a chlog agus mé ag tiomáint idir (Corcaigh) agus Luimneach.
   idir meán oíche
   idir Corcaigh

**Cuid B**
*Déan abairt amháin den dá chlásal sa dá chás thíos. Ná déan dearmad an phoncaíocht a chur isteach.*

*Sampla:* Sin í an bhean + bhí sí anseo aréir
Sin í an bhean a bhí anseo aréir.

6. Cén fáth + d'oscail tú an fhuinneog sin
   ar oscail

7. Sin í an bhean + rinne a hiníon cúrsa liom anuraidh
   a ndearna

**Cuid C**
*Cuir an forainm réamhfhoclach ceart ar fáil chun gach abairt a chríochnú.*

*Sampla:*
*She's related to them.* Tá sí gaolta leo.

8. *They're fond of us.* Tá siad ceanúil __. orainn

9. *They show great promise.* Tá an-ghealladh __. fúthu

10. *They ignored me.* Rinne siad neamhiontas __. dínn

**Ceist 5 (10 marc)**

*Bain amach na lúibíní agus déan pé athrú is gá ar na focail thíos.*

1. praising Ciarán's clever children
   ag moladh (páistí) (cliste) (Ciarán)
   ag moladh pháistí cliste Chiaráin

2. the airport staff's strike
   stailc (foireann) (an t-aerfort)
   stailc fhoireann an aerfoirt

3. emergency power systems
   córais (éigeandáil) (cumhacht)
   córais éigeandála chumhachta

4. the Trade and Business Development Body
   an Foras (Forbairt) (Trádáil) agus (Gnó)
   an Foras Forbartha Trádála agus Gnó

5. the native speakers of the Conamara Gaeltacht
   cainteoirí (dúchas) (Gaeltacht) (Conamara)
   cainteoirí dúchais Ghaeltacht Chonamara

**DEIREADH**